

Ráiteas Príobháideachta

Ráiteas Príobháideachta an Suíomh Ghréasáin

Ní bhaileoidh Comhairle Contae Chorcaí aon eolas pearsanta fút ar an suíomh gréasáin seo gan do chead. Caithfear le haon fhaisnéis pearsanta go rúndacht.

Ní bhailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis pearsanta fút go rialta, ach amháin i gcás faisnéise a thugann tú go deonach trí ríomhphost a chur chugainn, foirm aiseolais a chomhlánú, nó trí úsáid a bhaint as ár seirbhísí ar líne agus as líne.

Úsáidfimid aon fhaisnéis pearsanta a sholáthraíonn tú ach amháin chun na críche atá beartaithe agus ní thabharfaimid do chuid sonraí pearsanta d'aon tríú páirtithe.

Déantar sonraí teicniúla do chuirte ar an suíomh gréasáin seo a thaifeadadh chun críocha gnó amháin. I measc na sonraí seo tá seoltaí IP agus téarmaí chuardaigh gréasáin. Ní úsáidfear an fhaisnéis seo ach chun críocha staidrimh agus riaracháin amháin.

Cosaint Sonraí

Do Chearta

Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí an ceart duit cóip, a mhínítear go soiléir, a fháil d'aon fhaisnéis fút a choinnítear ar ríomhaire nó i gcóras struchtúrtha comhdaithe láimhe, ag aon duine nó eagraíocht (na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988, 2003, & 2014 Roinn 4).

Ár bPolasaí

Geallann Comhairle Contae Chorcaí dea-chleachtas a fheidhmiú maidir lena cuid freagrachtaí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoi reachtaíocht agus threoirlínte ábhartha eile in Éirinn agus san AE. Tá an polasaí príobháideachta seo bunaithe ar na prionsabail atá sna Rialacha um Chosaint Sonraí mar atá sonraithe ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

- Déanfaimid faisnéis a fháil agus a phróiseáil go cothrom.
- Ní choimeádfaimid é ach chun críche sonraithe, sainráite agus dleathach amháin nó níos mó.
- Cinnteomid nach n-úsáidfear agus nochtfar é ach ar bhealaí atá comhoiriúnach leis na cuspóirí seo.
- Coimeádfaimid slán sábháilte é.
- Coimeádfaimid é cruinn, iomlán, agus cothrom le dáta.
- Cinnteoidimid go bhfuil sé leordhóthanach, ábhartha, agus gan a bheith iomarcach.
- Coimeádfaimid é ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críche nó na gcríoch a bhfuarthas é.
- Tabhair cóip de do chuid faisnéise pearsanta duit ar iarratas

Tá Comhairle Contae Chorcaí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar Rialaitheoir Sonraí.

Sonraí an Chláraithe - An Coimisinéir Cosanta Sonraí – Éire

Naisc

Tá naisc ar an suíomh gréasáin seo le suíomhanna eile nach leis Comhairle Contae Chorcaí iad. Níl Comhairle Contae Chorcaí freagrach as na suíomhanna seo ná as ráitis phríobháideachta aon suíomh gréasáin eile. Ní ghlacaimid le haon dliteanas as naisc mhíchearta nó as dáta ar ár suíomh gréasáin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Comhairle Contae Chorcaí

Tuilleadh eolais

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chosaint sonraí, Téir go suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí:

www.dataprotection.ie